Retyped from original in June 2007

Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta

Treoirlínte Polasaí

Comhpháirtíocht idir an baile agus an scoil

BROLLACH

Is é an cuspóir atá ag an leabhrán seo ná treoirlínte a sholáthar duit chun forbairt a dhéanamh ar an bpolasaí Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) i do scoil. Molann na treoirlónte seo cur chuige comhpháirtíochta i measc tuismirtheoirí, múinteoirí agus údaráis scoile. Tabharfar cuireadh do gach grúpa a n-ionadaithe féin a ainmniú ar choiste a dhréachtóidh ráiteas polasaí. Tar éis dóibh dul i gcomhairle leis na grúpaí éagsúla, cuirfidh baill an choiste críoch leis an ráiteas polasaí agus cuirfear é faoi bhráid údaráis na scoile. Craobhscaoilfear an ráiteas deireanach i measc phobal na scoile. Cinnteoidh a leithéid de chur chuige soiléireacht agus aontacht faoi conas a mhúinfear OCG in aon scoil ar leith. Dréachtóidh foireann na scoile clár OCG na scoile agus beidh sé bunaithe ar an ráiteas polasaí agus ar churaclam OCG agus ar threoirlínte a d'fhorbair An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM). Beidh ábhair ranga ar fail do mhúinteoirí mar fhoinse le linn na hoibre sin.

Cuireadh an fillteán seo le chéile i gcomhairle leis na páirtnéirí in oideachas, mar seo a leanas:

- An Roinn Oideachais
- An Roinn Sláinte
- An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
- Comhairle Náisíunta na dTuismitheoirí – Bunscoil
- Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí – Iarbhunscoil
- Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha
- Bord Oideachais Eaglais na hÉireann
- Comheagraíocht Bainistíochta na nIarbhunscoileanna
- Oideachas le Chéile / Educate Together
- Cumann Múinteoirí Éireann
- Cumann Meánmhúinteoirí na hÉireann
- Aontas Múinteoirí Éireann
- Cumann na Scoileanna Pobail agus na Scoileanna Cuimsitheacha
- Cumann Gairmoideachais na hÉireann

RÉAMHRÁ

Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta

Is próiseas fadsaoil é Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) ina bhfaightear eolas agus tuiscint agus ina bhforbraítear dearcaidh, creidimh agus luachanna ar fhéiniúlacht ghnéasach, chaidrimh agus dhlúthchaidreamh. Faightear an oideachas seo go comhfhiosach agus go neamhchomhfhiosach ó thuismitheoirí, mhúinteoirí, chomhaosaigh, dhaoine fásta agus ó na meáin chumarsáide.

I scoileanna na hÉireann soláthróidh OCG deiseanna struchtúrtha do dhaltaí chun eolas agus tuiscint ar chaidrimh dhaonna agus ar ghnéasacht a fháil trí bhíthin próisis a chuirfidh ar a gcumas luachanna agus modhanna iompair a mhúnlú laistigh de chreatlach mórálta, spioradálta agus sóisialta.

Tugann an cur chuige seo deiseanna do leanaí agus daoine óga chun foghlaim faoi chadirimh agus faoi ghnéasacht i slite a chabhraíonn leo machnamh a dhéanamh ar mhodh mórálta,, cineálta agus stuama.

Ag leibhéal na bunscoile cabhraíonn OCG le leanaí agus daoine óga, sa bhaile agus ar scoil, chun foghlaim faoina bhforbairt féin agus faoi chairdis agus chaidrimh le daoine eile. Beidh an obair seo bunaithe ar fhorbairt féiníomhá dearfach agus ar mheas a chothú orthu féin agus ar dhaoine eile agus ar eolas cuí a sholáthar dóibh.

Ag leibhéal na hiarbhunscoile, ciallaíonn, sé seo go gcaithfí tógaint ar an gclár bunscoile agus eolas agus scileanna a sholáthar do dhaoine óga chun measúnú criticiúil a dhéanamh ar an raon leathan eolais, tuairimí, dearcaidh agus luachanna atá ar fail inniu chun gur féidir leo roghanna stuama agus dearfacha a dhéanamh fúthu féin agus faoin slí ina gcaitheann said a saol.

I suíomh na scoile múinfear OCG i gcomhthéacs Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte.

Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte

Cabhraíonn Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) i bhforbairt obair na scoile maidir le cothú shláinte leanaí agus daoine óga. Tarlaíonn sé seo i gcomhthéacs a bhfás mothúchánach, mórálta, sóisialta agus spioradálta chomh maith lena bhforbairt chruthaitheach, reiligiúnda, pholaitiúil, fhisiciúil agus intleachtúil. Tá atmaisféar tacúil scoile, ina gcuirtear san áireamh na riachtanais atá ag na baill ar fad de phobal na scoile, riachtanach chun gur féidir OSPS a sholáthar ar ardleibhéal.

Féachann OSPS ar shaincheisteanna mar chaidrimh sa bhaile agus ar scoil, féinmheas, agus foghlaim scileanna cumarsáide, conas cinntí a dhéanamh, agus conas mothúcháin a chur in iúl ar bhealach cuí. Chomh maith leis seo, soláthraíonn sé eolas soiléir ar raon ábhar mar bhia sláintiúil, alcól, drugaí, fás agus forbairt an duine, sábháilteacht, freagracht shóisialta, agus saincheisteanna imshaoil.

Treoirlínte Polasaí

OIDEACHAS CAIDRIMH AGUS GNÉASACHTA
COMHPHAIRTÍOCHT IDIR AN BAILE AGUS AN SCOIL

Tá na treoirlínte d'fhorbairt polasaí leagtha amach i sraith céimeanna:

Céimeanna 1 agus 2

Cahbraíonn na céimeanna seo leat chun soiléiriú, a dhéanamh ar a bhfuil i gcuraclam agus treoirlínte an CNCM agus i ndoiciméid eile agus ar a bhfuil ag tarlú cheana féin i do scoil

Céim 3

Cuimsíonn sé creatlach don ráiteas polasaí

Céim 4 go dtí 6

Soláthraíonn na céimeanna seo treoir do cad is ceart a dhéanamh tar éis dhréachtú an ráitis pholasaí

TREOIRLÍNTE D'FHORBAIRT POLASAÍ

Céim
1

DÉAN STAIDÉAR AR DHOICIMÉID OCG ATÁ ÁBHARTHA

Le dhá bhliain anuas tá roinnt doiciméad faoi OCG faighte ag do scoil. Ina measc tá:

Tuarascáil an Ghrúpa Chomairleach Saineolaithe ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta
Dáileadh an tuarascáil seo ar bhoird bhainistíochta na n-údarás scoile in Eanáir 1995 agus glaotar 'An Leabhar Gorm' anois air. Ba ar mhúnla na tuarascála seo a cuireadh OCG i bhfeidhm i scoileanna na hÉireann. Dírítear aird an léitheora go háirithe ar leathanaigh 6-8 agus 16.

Imlitreacha na Roinne Oideachais
2/95 do Bhunscoileanna agus M24 do larbhunscoileanna in Eanáir 1995. Miníoinn na himlitreacha seo an réasúnaíocht taobh thiar de thabhairt isteach OCG i scoileanna agus an tslí ina láimhseáilfear an próiseas.

9/96 do Bhunscoileanna agus M20/96 do larbhunscoileanna. Achoimríonn na himlitreacha seo an dul chun cinn atá déanta go dtí seo agus déanann said cur síos ar na pleananna do thraenáil ionghairme múinteoirí.

Doiociméid atá san fhilteán seo:
Treoirlínte do Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta
Soláthraíonn an doiciméad seo treoirlínte d'fhorbairt pholasaí OCG agus molann sé comhpháirtiocht idir an baile agus an scoil.

Curaclam agus Treoirlínte CNCM do Bhunscoileanna i Naíonáin go dtí an Séú Rang
Baineann leathanaigh 5,7-9 agus 49-54 go háirithe leat i do ról mar dhuine a dhéanann polasaithe. B'fhéidir go mbeadh suim agat chomh maith in ábhar (leathanaigh 13-46) agus i modheolaíocht (leathanaigh 55-68).

nó

Curaclam agus Treoirlínte CNCM do larbhunscoileanna
Baineann leathanaigh 7-11 agus 33-34 go háirithe leis an gceist.

Leabhrán Eolais do Thuismitheoirí, 'Ag dul ar aghaidh le chéile'
Soláthraíonn an leabhrán seo eolas ar OCG do thuismitheoirí. Míníonn sé cad a fhoghlaimíonn leanaí agus daoine óga agus conas a fhoghlaimíonn said é agus freagraíonn sé a lán ceisteanna a chuirtear go minic. Caitheann sé solas ar conas is féidir leis an mbaile agus an scoil cabhrú le foghlaim leanaí as lámh a chéile agus spreagann sé tuismitheoirí le bheith páirteach.

Céim
2

ATHBHREITHNIGH AN SOLÁTHAR ATÁ ANN FAOI LÁTHAIR I DO SCOIL A THAGANN LAISTIGH DE NA CATAGÓIRÍ LEATHANA OSPS AGUS OCG

Is é cuspóir do dhréachtú pholasaí Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta ná a thaispeáint conas a chuirfear OCG i bhfeidhim i do scoil. I dtosach cuirfidh an polasaí síos ar an soláthar do OCG agus OSPS atá á dhéanamh i do scoil. Tá formhór na scoileanna ag plé le gníomhaíochtaí oiriúnacha a bhaineann le hábhar agus is é is cuspóir don chuid seo den leabhrán ná achoimriú a thabhairt ar a bhfuil á sholáthar cheana féin.

Ba choir go bhféadfaí an t-eolas ar fad a bhailiú ó bhaill an choiste pholasaí a bhfuil eolas agus taithí acu ar obair na scoile. Is féidir go mbeadh gá ann eolas sa bhreis a lorg ó thuismitheoirí, mhúinteoirí nó ó údaráis na scoile trína n-ionadaithe féin ar an gcoiste.

Ba choir do do choiste eolas a bhailiú faoi conas atá eolas á sholáthar do leanaí agus daoine óga ar OCG agus OSPS i ngníomhartha foirmiúla agus neamhfhoirmiúla.

Faoi sholáthar foirmiúl, is féidir go bhfuil do scoil ag múineadh OCG/OSPS trí:

Cláir Shainiúla
Samplaí is ea cur chuige forbartha ag na Ranna Oideachas agus Sláinte – An Clár Fan Slán agus an Clár Faoi Mhiúsáid Substaintí a Chosc.

Ábhair Scoile atá ann cheana féin
Pléitear le gnéithe de OSPS agus/nó OCG in ábhair scoile áirithe m.sh. Bitheolaíocht; Oideachas Cathartha, Sóisialta agus Polaitiúil; Treoir agus Comhairle; Eachnamaíocht Baile; Corpoideachas; Oideachas Reiligiúnda; Eolaíocht; Daoneolas agus Eolas Imshaoil, nó cláir ar Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte a forbraíodh sa scoil.

Tionscnaimh Speisialta
In Iarbhunscoileanna is féidir go mbíonn baint ag ábair nó tionscadail, a forbraíodh mar chuid den Idirbhliain nó cláir dírithe ar an Ardteistiméireacht, le OSPS agus/nó OCG. Ag leibhéal na bunscoile, tá an-chuid tionscadal áitiúil curtha ar bun, mar shampla, cláir fhéinmheasa.

Maidir leis na cláir thuasluaite, b'fhéidir go ndéanfaí machnamh ar na ceisteanna seo a leanas:

- Cén aois iad na dtaltaí a bhfuil soláthar á dhéanamh dóibh?
- Conas atá na cláir eagraithe?
- Cé atá freagrach as a ndáileadh?
- Cé mhéid ama atá á dháileadh orthu
- Cén traenail agus tacaíocht atá ar fail do mhúinteoirí?
- An bhfuil tuismitheoirí páirteach? Más ea, conas?
- Conas a dhéantar athbhreithniú agus measúnú ar a leithéid de chláir?

Ba choir duit féachaint an bhfuil OSPS agus/nó OCG curtha ar fail don dalta aonair;

- ag leibhéal na bunscoile, trí bhíthin múinteoirí ranga, múinteoirí comhairleacha agus an tseirbhis shíceolaíochta
- ag leibhéal na hlarbhunscoile, trí bhíthin comhairleoirí, séiplínigh, múinteoirí treorach gairme, múinteoirí i gceannas blianta agus foirme tréadchúraim.

Treoirlínte Polasaí

Ba choir duit féachaint ar an leibhéal comhpháirtíochta atá ann idir an baile agus an scoil, foirmiúil agus neamhfhoirmiúil, agus liosta a dhéanamh de thionscadail na dtuismitheoirí, mar shampla, clár eolais faoi dhrúgaí.

Is féidir le do scoil tacaíocht do OSPS/OCG go neamhfhoirmiúil trí atmaisféar tacúil scoile a chruthú ina múnlaítear aidhmeanna an chláir. Nuair a bheidh tú ag féachaint ar do scoil, b'fhéidir go dteastódh uait féachaint ar na ceisteanna seo a leanas:

- An mbraitheann daoine go bhfuil meas orthu?
- An gcothaítear féinmheas?
- An bhfuil fianaise ann go bhfuil cothroime agus meas ar dhaoine?
- An gcothaítear freagracht?
- An gcothaítear ardchaighdéain agus ionchais?
- An bhfuil cumarsáid oscailte ann?
- An aithnítear iarracht agus an gcúitítear i?
- An gcuirtear luach ar uathúlacht agus difríocht?
- An láimhseáiltear aighneas go cruthaitheach?
- An gcothaítear teacht aniar agus cruthaitheacht?
- An gcothaítear luachanna sóisialta, morálta agus spioradálta?
- An dtugtar aire ar d'fholláine bhaill phobal na scoile ar fad?

Céim
3

DRÉACHTAIGH AN RÁITEAS POLASAÍ

D'fheadfaí ráiteas polasaí do scoile a dhréachtú faoi na teidil seo a leanas:

A SCOIL
Ainm, seoladh, uimhir theileafóin, catagóir agus líon ar rolla.

B FEALSÚNACHT ÁR SCOILE
Múnlaíonn an dearcadh atá agat ar an raon riachtanas atá ag leanaí, tuismitheoirí agus múinteoirí, laistigh de phobal na scoile, fealsúnacht do scoile – a nglaotar ethos nó spiorad na scoile air chomh maith.

Tá gach aon scoil difriúil. Is é a chruthaíonn carachtar uathúil scoile ná a daltaí, tuismitheoirí, múinteoirí, foireann agus bainstíocht lena bhfadhbanna agus lena n-ionchais; suíomh na scoile bíodh sé i gcathair, bruachbhaile, baile cúigeach nó faoin tuath; agus méid na scoile. As an meascán uathúil seo, i bhíonn ag athrú de shíor, a mhúnlaítear carachtar uathúil na scoile.

Chomh maith leis seo, déanann an stlí ina ndéileáiltear le polasaí OCG léiriú ar spiorad na scoile. Nuair atáthar ag dréachtú pholasaí OCG, is féidir go gcabhródh sé a bheith ar an eolas go bhfuil an ceart ag an scoil a chinntiú go múintear an clár ar bhealach atá ag teacht le spiorad na scoile, cé go soláthraíonn curaclam agus treoirlínte an CNCM a bhfuil d'ábhar sa chlár.

C SAINMHÍNIÚ OCG
D'fhéadfaí athbreithniú a dhéanamh ar na sainmhínithe atá i dtreoirlínte agus i gcuraclam an CNCM agus i leabhrán na dtuismitheoirí '*Ag Dul ar Aghaidh le Chéile*' chun cinneadh a dhéanamh faoin ráiteas a sholáthraíonn an sainmhíniú is fearr.

D AN GAOL IDIR OCG AGUS OSPS
Soláthróidh an tábhar sna doiciméid iniata, a chuireann sios ar an ngaol idir OCG agus OSPS, eolas i gcomhair díospóireachta. Caithfear a rá cén fáth go bhfuil sé tábhachtach go múinfear OCG i gcomhthéacs OSPS i do scoil.

E A BHFUIL Á SHOLÁTHAR AG AN SCOIL FAOI LÁTHAIR
Búnófar an chuid seo den ráiteas ar do mheasúnú ar an soláthar atá ann cheana féin, idir fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil (Céim 2). Bheadh sé mar chabhair do léitheoirí dá n-ainmneofaí roinnt cláracha agus roinnt samplaí de OSPS i do scoil seachas bheith ag cloí le ráitis a d'fhéadfadh a bheith róghinearálta nó doiléir.

F AIDHMEANNA ÁR GCLÁR OCG
Gheofar treoir don chuid seo sa 'Leabhar Gorm' leathanach 17, agus i gcuraclam agus i dtreoirlínte an CNCM do bhunscoileanna ar leathanach 9 agus d'iarbhunscoileanna ar leathanach 10.

G TREOIRLÍNTE DO BHAINISTÍOCHT AGUS D'EAGRÚ OCG INÁR SCOIL
Cuirtear síos i gcuraclam agus i dtreoirlínte an CNCM ar an ábhar agus modheolaíocht atá le húsáid i múineadh na gclár OCG. Is é cúram an choiste pholasaí i gcomhairle le pobal na scoile plé a dhéanamh ar conas a chuirfear curaclam agus treoirlínte an CNCM i bhfeidhm i do scoil. Sa chomhthéacs seo, is féidir go mbeidh gá le plé ar shaincheisteanna mar rúndacht, cearta agus freagrachtaí tuismitheoirí, daltaí á dtógaint as an rang, aoichainteoirí, shaincheisteanna íogaireacha, grúpáil, ranganna agus suímh ilranganna. Déanfaidh an Príomhoide socruithe a

bhaineann le múineadh an chláir agus dáileadh foirne. Ceadaíonn an próiseas forbartha polasaí go n-ardófaí shaincheisteanna a chuireann as do na grúpaí ar fad atá páirteach agus go ndéanfaí díospóireacht agus cinntí orthu. Sa stlí seo, beidh soiléireacht agus comhaontacht i measc bhaill phobal na scoile ar fad faoi conas is ceart déileáil le shaincheisteanna dá leithéid sa scoil agus, beidh treoir, go háirithe, ag foireann na scoile chun déileáil leis na shaincheisteanna seo agus clár na scoile á dhréachtú.

Baineann sé le réasún go bpléann OCG shaincheisteanna a ardaíonn dearcaidh agus íogaireachtaí difriúla. Ag brath ar a spiorad uathúil, beidh difríocht idir scoileanna sa tslí ina bpléann said shaincheisteanna áirithe, mar shampla cur síos ar chaidreamh colla*í* déagóirí ag iompar leanaí, scarúint agus colscaradh. Beidh an coiste pholasaí OCG i do scoil freagrach, aris le comhroibriú phobal na scoile, as cinnti a dhéanamh chun déileáil le shaincheisteanna dá leithéid.

H SOLÁTHAR A DHÉANAMH DO THACAÍOCHT, FORBAIRT AGUS ATHBHREITHIÚ LEANÚNACH

Bheadh sé an-tábhachtach go gcuimseodh do ráiteas polasaí soláthar chun tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí, tuismitheoirí agus baill an bhoird atá páirteach in OCG ag leibhéal polasaí agus cláir.

D'fhéadfaí cinntí a dhéanamh mar seo a leanas:

- Deimhin a dhéanamh de go mbíonn deiseanna forbartha ionghairme ag múinteoirí agus an coiste polasaí
- Tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí chun deiseanna oideachais a sholáthar do thuismitheoirí eile
- Áiseanna scoile OCG ábhartha a sholáthar.

Ba chóir go mbeadh sé soiléir ón dréacht ráiteas polasaí conas a dhéanfar athbhreithniú ar an bpolasaí agus ar an gclár. D'fhéadhfadh sé a rá i scríbhneoireacht, leis, go ndéanfaí aon athruithe is gá mar thoradh ar aon athbhreithniú den saghas sin.

Céim 4

POIBLIGH, ATHRAIGH AGUS CRÍOCHNAIGH AN RÁITEAS POLASAÍ

Nuair atá an dréacht den ráiteas polasaí déanta, caithfidh an coiste polasaí féachaint chuige go bhfaigheann pobal na scoile eolas air. Moltar na próisis seo a leanas:

- Cuir an dréacht den ráiteas polasaí chuig na húdráis scoile chun gur féidir le múinteoirí agus tuismitheoirí glacadh leis agus é a chraobhscaoileadh.
- Téigh i gcomhairle le tuismitheoirí faoina ndearcaidh ar an dréacht den ráiteas polasaí. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh, go foirmiúil, trí chruinnithe ranga nó trí chruinnithe ginearálta do thuismitheoirí; ar bhonn níos neamhfhoirmiúla, trí bhualadh le hionadaithe tuismitheoirí ar an mbord bainistíochta, trí bhualadh le hionadaithe chumann tuismitheoirí, trí chóip, den dréacht a chur abhaile agus tuairimí a lorg, trí mhúinteoirí a dhéanann nasc idir baile/scoil/pobal, nó trí thuairimí pearsanta tuismitheoirí a lorg i scribhneoireacht nó trí cheistiúchán.
- Téigh i gcomhairle le múinteoirí faoina ndearcaidh ar an dréacht den ráiteas polasaí. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh trí chruinnithe ginearálta leis na múinteoirí ar fad, agus le breis cruinnithe a bheadh níos lú do na múinteoirí a bhfuil an bhaint is mó le OCG acu.
- Lorg deiseanna a scaoilfeadh daltaí isteach sa phróiseas nuair is cuí. Chuimseodh sé seo cruinnithe le múinteoirí i gceannas blianta nó oidí ranganna, comhairle na ndaltaí nó daltaí i gceannas blianta, agus chuirfeadh sé tús le díospóireachtaí ranga de réir aoise ag leibhéil na bunscoile agus na hiarbhunscoile.
- Déan diospóireacht ar gach tuairim agus dearcadh a thagann ar ais agus athraigh an dréacht den ráiteas polasaí mar is cuí.
- Cuir an dréacht athraithe den ráiteas polasaí chuig na húdaráis scoile i gcomhair díospóireachta agus chun glacadh leis.

Roimh chríochnú, ba chóir go míneodh do ráiteas polasaí athraithe conas ar dréachtaíodh é. Chuimseodh sé seo sonraí faoi bhunú agus bhaill an choiste pholasaí; na cruinnithe a tionóladh; conas a cuireadh an dréacht chuig tuismitheoirí, múinteoirí agus údaráis na scoile; na hathruithe a moladh; agus conas a athbhreithníodh an doiciméad agus conas a cuireadh é chuig na húdaráis scoile chun glacadh leis.

Céim 5

CUIR TIMPEALL DO RÁITEAS POLASAÍ OCG

Nuair a ghlacann na húdaráis scoile leis an dréacht den doiciméad, ciallaíonn sé sin gurb é sin Ráiteas Polasaí OCG na scoile, agus ba choir go seolfaí chuig na tuisimitheoirí agus na múinteoiri é.

Céim 6

TOSNAIGH DO CHLÁR OCG

Dréachtóidh foireann na scoile an clár OCG de réir churaclam agus threoirlínte an CNCM agus de réir pholasaí OCG na scoile.

Sula gcuirfí i gcrích iad, ba chóir go mbeadh na cláir ar fail sa scoil do thuismitheoirí a dteastaíonn uathu iad a fheiscint.

Má theastaíonn a thuilleadh eolais uait, déan teagmháil leis an Ionad Oideachais a d'eagraigh traenáil OCG do do scoil nó

Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta
Seirbhis Traenála agus Tacaíochta do Scoileanna
Ionad Oideachais
Droim Conrach
Baile Átha Cliath 9
Tel. (01) 836 7624 Facs (01) 857 1128

D'oibrigh an Roinn Oideachais leis na páirtnéirí agus gníomhaíochtaí eile ag leibhéal náisiúnta ag pleanáil tacaíochtaí chun Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta a chur ar fáil do leanaí agus daoine óga. Cuimsíonn na tacaíochtaí seo curaclaim agus treoirlínte forbartha ag an CNCM, An tSeirbhís Traenála agus Tacaíochta in Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta do Scoileanna, forbairt áiseanna ranga agus soláthar na dtreoirlínte seo i gcomhair forbairt polasaí.

Eagraíodh na gníomhaíochtaí traenála ar fad le comhoibriú ó ghréasán an Aonaid Oideachais.

Ba mhaith linn ár mbíochas a ghlacadh leis na scoileanna a bhí páirteach ag an gcéim réamh-thrialach. Chabhraigh na tuismitheoirí, múinteoirí, an bhainistíocht agus na mic léinn sna scoileanna seo go mór le forbairt na dtreoirlínte seo trína bhfiorshuim i dtastáil an phróisis fhorbartha polasaí. Chríochnaigh formhór na scoileanna seo an próiseas forbartha polasaí le dhá chruinníu nó trí i dtréimhse dhá mhí.